









Gearrscannáin T2

don Chéad Bhliain

| | |
|---|---|
| <p>An Rinceoir 4 nóim</p>  | <p>Stiúrthóir: Elaine Gallagher Scribhneoir: Elaine Gallagher</p> <p>Léiríonn gearrscannán Elaine Gallagher grá cailín óig don Damhsa Gaelach agus í san iomaíocht ag feis.</p> |
| <p>An t-Ádh 20 nóim</p>  | <p>Stiúrthóir: Colm Bairéad Scribhneoir: Medb Johnstone</p> <p>Scéal é seo atá bunaithe ar shaothar Phádraic Uí Conaire. Is iomaí casadh sa saol seo ach is beag an chuimhne a bhíonn ag Liam ar an méid atá i ndán dó nuair a shocraíonn sé dul go hÁrainn chuig cluiche peile. Nuair nach mbíonn ach áit do bheirt ar bhád Tom Beag, tagann Liam ar phlean a chuireann athrú tubaisteach ar a shaol go deo. Seo lá nach ndéanfaidh Liam dearmad go brách air.</p> |
| <p>An Teanga Rúnda 13 nóim</p>  | <p>Stiúrthóir: Brian Durnin Scribhneoir: Brian Durnin</p> <p>Gaeilge a labhraíonn James agus a athair Mícheál nuair a bhíonn siad i mbun a ngnó spiaireachta rúnda. Ní fhéadfadh máthair James fáil amach faoi na misin rúnda a bhíonn ar bun acu. Ach luath nó mall beidh a fhios ag gach duine faoin méid a bhíonn ar siúl acu.</p> |
| <p>Clare sa Spéir 19 nóim</p>  | <p>Stiúrthóir: Audrey O'Reilly Scribhneoir: Audrey O'Reilly</p> <p>Cé a chreidfeadh go mbeadh bean ina cónaí thuas i dtighín crainn in eastát tithíochta ar imeall Bhaile Átha Cliath?</p> |

| | |
|--|--|
| <p>Cúilín Dualach 12 nóim</p>  | <p>Stiúrthóir: Nora Twomey Scribhneoir: Jackie Mac Donncha</p> <p>Bhuaigh an clár seo gradam ag an bhFéile Scannánaíochta Ceilteach. Tá <i>Cúilín Dualach</i> bunaithe ar ghearrscéal faoin gcaoi a gcaitear fós le daoine faoi mhíchumas. Nuair a thagann Cúilín ar an saol bíonn a cheann iompaithe siar. Bíonn grá ag a mháthair dó ón tús ach ní bhíonn aird ag aon duine eile air, fiú a athair féin. Ar feadh a shaoil bíonn Cúilín ag iarraidh grá agus meas a athar a tharraingt chuige féin ach nuair a éiríonn leis bíonn sé ró-mhall.</p> |
| <p>El Toro</p>  | <p>Stiúrthóir: Tomás Seoighe Scribhneoir: Tomás Seoighe</p> <p>Tá bulaíocht á déanamh ar Chian ar scoil agus níl cúrsaí iontach sa bhaile ach an oiread. Ach go tobann, faigheann sé deis meas a spreagadh i measc an dreama atá timpeall air agus is é an t-aon chaoi le haghaidh seo a dhéanamh ná troid in aghaidh tairbh... ar nós Matador!</p> |
| <p>Marion agus an Bhanphrionsa 8 nóim</p>  | <p>Stiúrthóir: Melanie Clark Pullen Scribhneoir: Melanie Clark Pullen</p> <p>Gearrscannán Gaeilge a bhuaigh Gradam Ghael Linn. Scannán fíorálainn a léiríonn an mhian ó chroí a bhí ag cailín óg bualadh leis an mBhanphrionsa Grace nuair a thug sí cuairt ar Éirinn. Erin agus Doireann Learmont an bheirt aisteoirí óga sa scannán.</p> |
| <p>Yu Ming is Ainm Dom 13 nóim</p>  | <p>Stiúrthóir: Daniel O'Hara Scribhneoir: Daniel O'Hara</p> <p>Scéal faoi Shíneach óg nach bhfuil sásta ina phost san ollmhargadh. Beartaíonn sé teacht go hÉirinn agus léiríonn an taighde gurb í an Ghaeilge teanga oifigiúil na tíre. Tagann sé go Baile Átha Cliath ag labhairt na teanga agus tá mearbhall air nuair nach dtuigeann éinne é.</p> |